Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 8 Aibreán 2024
(OR. en)

**Comhad Idirinstitiúideach: 2022/0104(COD)**

8200/1/24
REV 1 ADD 1

CODEC 906
ENV 364
IND 188
AGRI 265
COMPET 371
COMER 56
SAN 197
MI 362
CONSOM 137
ENT 81

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Treoir 2010/75/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hastaíochtaí tionsclaíocha (cosc agus rialú comhtháite ar thruailliú) agus Treoir 1999/31/CE ón gComhairle maidir le líonadh talún le dramhaíl **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh<br>= Ráiteas |

**Ráiteas ón Danmhairg, ón Eastóin, ón bhFionlainn, ón nGearmáin agus ón Ísiltír maidir le tógáil eallaigh laistigh de raon feidhme IED**

Is ionstraim thar a bheith tábhachtach í an Treoir maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha 2010/75/AE (IED) chun truailliú ó shuiteálacha móra tionsclaíocha agus beostoic a chosc agus a rialú, agus dá bhrí sin tá sé ríthábhachtach í a athbhreithniú go héifeachtach chun spriocanna an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip agus a uaillmhian maidir le truailliú nialasach a bhaint amach chomh maith leis na ceanglais fhoriomlána maidir le hamóinia agus gáis cheaptha teasa a laghdú.

Ar an ábhar sin, is oth linn nach n-áirítear tógáil eallaigh sa téacs comhréitigh deiridh i raon feidhme na Treorach, ós rud é gurb í príomhfhoinse na n-astaíochtaí amóinia agus meatáin in earnáil na talmhaíochta. Fiú mura n-áireofaí ach 1 % de na feirmeacha eallaigh tionsclaíocha is mó, chuirfeadh sin go mór le laghdú suntasach ar astaíochtaí amóinia agus meatáin. Dá bhrí sin, is díol sásaimh dúinn go ndéanfaidh an Coimisiún measúnú faoi 2026 ar conas is fearr aghaidh a thabhairt ar na hastaíochtaí a ghintear ó thógáil eallaigh, agus raon na n-ionstraimí atá ar fáil agus sainiúlachtaí na hearnála á gcur san áireamh. Cuirimid in iúl go bhfuil súil againn, leis an tuarascáil seo, go réiteofar an bealach chun tógáil eallaigh a áireamh i raon feidhme na Treorach agus, ar an gcaoi sin, áiritheofar cothrom na Féinne san Aontas.